**GAIRM THOGRAÍ OSCAILTE**

**um bronnadh Creat-chomhaontuithe Comhpháirtíochta a bhaineann le hIonaid Ábhar Eorpach i leith na hÉagsúlachta Bhitheolaíche 2009-2013 (dhá mhír) LEE/BSS/08/001 agus Tomhaltas agus Táirgeadh Inbhuanaithe 2009-2013 LEE/SKI/08/001**[1]

1. Cuspóirí agus cur síos

Tá an ghairm thograí seo bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1210/1990, arna leasú faoi dheireadh ag (CE) Uimh. 1641/2003 ar bhunú Ghníomhaireacht Comhshaoil na hEorpa (EEA) agus an Líonra Eorpach um eolas agus breathnú ar an gComhshaol (Eionet).[2]

2. Incháilitheacht

*Is incháilithe iad na Cuibhreannais* de bheirt leathpháirtithe ar a laghad (daoine nádúrtha/dlíthiúla, príobháideach nó poiblí), agus na leathpháirtithe sin bunaithe i mballstáit difriúla den LEE (AE27; EFTA4, An Tuirc). Féach na Téarmaí Tagartha (TT) dá dtagraítear faoi phointe 5 le haghaidh tuilleadh sonraí.

3. Buiséad

Faoi réir maoiniú a bheith ar fáil ó Bhuiséad Ginearálta an AE i bhfoirm fóirdheontais Chomhphobail don LEE, meastar gurb é an buiséad bliantúil iomlán measta do Chomhaontuithe Sonracha (CASanna) faoi na Creat-Chomhaontuithe Comhpháirtíochta (CACanna) atá le bronnadh tar éis na gairme seo ná :

*(i)* **Éagsúlacht Bhitheolaíoch: 1 300 000 EUR (iomlán);**
**Mír 1 – Éagsúlacht Bhitheolaíoch 900 000 EUR;**
**Mír 2 – Measúnú Éicea-chórais 400 000 EUR;**
*(ii)* **Tomhaltas agus Táirgeadh Inbhuanaithe: 1 200 000 EUR**

4. Spriocdhátha do chur isteach tograí: **21 Aibreán 2008**

5. Sonraí iomlána

Is féidir na Téarmaí Tagartha (TT), gach cáipéis gaolmhar agus tuilleadh eolais a fháil ag an seoladh idirlín seo a leanas:
http://www.eea.europa.eu/tenders/openproposal.html.

Caithfidh tograí comhlíonadh leis na téarmaí agus coinníollacha go léir sna cáipéisí gairme.

---

[1] Beartófar Creat-chomhaontuithe Comhpháirtíochta (CAPanna) a chlúdoidh an tréimhse idir 2009 agus 2013 do *chuibhreannais* rathúla. Tá an ghairm seo faoi réir Rialachán Airgeadais an LEE agus a Rialacha Feidhmiúcháin mar a shocraíonn Rialachán Airgeadais an AE (CE) Uimh. 1605/2002, arna leasú faoi dheireadh ag (CE) Uimh. 1995/2006, agus a Rialacháin Fheidhmiúcháin (CE) Uimh. 2342/2002, arna leasú faoi dheireadh ag (CE) Uimh. 478/2007, i dtaobh a dTeideal VI faoi seach ar Dheontais (Ailt 108-120 FR agus 160-184a IR).

[2] Féach Ailt 4 go 5 de sin go sonrach.